



---

*Uimhir 23 de 2013*

---

**AN tACHT UM FHEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE  
SLÁINTE (RIALACHAS), 2013**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

RIAR NA nALT

CUID 1

NÍTHE RÉAMHRÁITEACHA

Alt

1. Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme.
2. Mínithe.
3. Aisghairm.

CUID 2

LEASÚ AR AN ACHT SLÁINTE, 2004

4. Leasú ar alt 2 d'Acht 2004.
5. Leasú ar alt 10 d'Acht 2004.
6. Ailt 10A agus 10B a chur isteach in Acht 2004.
7. Cuid 3A a chur isteach in Acht 2004.
8. Leasú ar alt 23 d'Acht 2004.
9. Leasú ar alt 25 d'Acht 2004.
10. Leasú ar alt 26 d'Acht 2004.
11. Leasú ar alt 27 d'Acht 2004.
12. Leasú ar alt 31 d'Acht 2004.
13. Leasú ar alt 32 d'Acht 2004.
14. Leasú ar alt 33 d'Acht 2004.
15. Leasú ar alt 35 d'Acht 2004.
16. Leasú ar alt 37 d'Acht 2004.

[Uimh. 23.] *An tAcht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas), 2013.* [2013.]

17. Cuid 7B a chur isteach in Acht 2004.
18. Leasú ar alt 51 d'Acht 2004.
19. Leasú ar alt 76 d'Acht 2004.
20. Leasú ar alt 77 d'Acht 2004.
21. Leasú ar Sceideal 2 a ghabhann le hAcht 2004.
22. Tagairtí don Bhord agus don phríomhoifigeach feidhmiúcháin.

CUID 3

BEARTA IDIRTHRÉIMHSEACHA

23. Cosaint.
-

[2013.] *An tAcht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas), 2013.* [Uimh. 23.]

NA hAchtanna dá dTagraítear

Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993	1993, Uimh. 8
Na hAchtanna um an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, 1866 go 1998	
An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995	1995, Uimh. 22
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997	1997, Uimh. 2
<i>Exchequer and Audit Departments Act 1866</i>	29 & 30 Vict., c. 39
An tAcht Sláinte, 2004	2004, Uimh. 42
Na hAchtanna Sláinte, 1947 go 2011	
An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004	2004, Uimh. 33
An tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001	2001, Uimh. 31





---

*Uimhir 23 de 2013*

---

**AN tACHT UM FHEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE  
SLÁINTE (RIALACHAS), 2013**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

ACHT DO LEASÚ AN ACHTA SLÁINTE, 2004 AGUS DO  
DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.  
[3 Iúil 2013]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

NITHE RÉAMHRÁITEACHA

**1.**—(1) Féadfar an tAcht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas), 2013 a ghairm den Acht seo.

Gearrtheideal,  
comhlua, forléiriú  
agus tosach  
feidhme.

(2) Féadfar na hAchtanna Sláinte, 1947 go 2013 a ghairm de na hAchtanna Sláinte, 1947 go 2011 agus den Acht seo le chéile agus forléireofar le chéile iad mar aon ní amháin.

(3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

**2.**—San Acht seo—

Míithe.

ciallaíonn “Acht 2004” an tAcht Sláinte, 2004;

ciallaíonn “Aire” an tAire Sláinte.

**3.**—Aisghairtear Codanna 3 agus 4, agus ailt 68 agus 69, d’Acht 2004. Aisghairm.

[Uimh. 23.] *An tAcht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas), 2013.* [2013.]

CUID 2

LEASÚ AR AN ACHT SLÁINTE, 2004

Leasú ar alt 2 d'Acht 2004.

4.—Leasaítear alt 2(1) d'Acht 2004 tríd an méid seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘stiúrthóir ceaptha’ comhalta den Stiúrthóireacht arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 16A;

ciallaíonn ‘Stiúrthóireacht’ an Stiúrthóireacht arna bunú faoi alt 16A;

ciallaíonn ‘Ard-Stiúrthóir’ an duine a shealbhaíonn oifig an Ard-Stiúrthóra arna cheapadh nó arna ceapadh de bhun alt 16E.”

Leasú ar alt 10 d'Acht 2004.

5.—Leasaítear alt 10 d'Acht 2004—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Féadfaidh an tAire ordacháin ghinearálta i scríbhinn a eisiúint chuig an bhFeidhmeannacht—

(a) chun aon chríche a bhaineann leis an Acht seo nó le haon achtachán eile,

(b) maidir le haon ní nó rud dá dtagraítear san Acht seo mar ní nó rud atá sonraithe nó le sonrú nó atá cinnte nó le cinneadh ag an Aire, nó

(c) maidir le haon bheartas nó cuspóir de chuid an Aire nó an Rialtais, a bhaineann le feidhm de chuid na Feidhmeannachta, a chur i ngníomh, i gcás go bhfuil an tAire den tuairim nach bhfuil aird leordhóthanach á tabhairt ag an bhFeidhmeannacht ar an mbeartas nó ar an gcuspóir sin i gcomhlíonadh a feidhmeanna.”

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

“(7) Déanfaidh an tArd-Stiúrthóir na bearta a bheidh déanta ag an bhFeidhmeannacht chun déanamh de réir ordachán arna eisiúint faoin alt seo a chur in iúl don Aire agus tabharfar an fhaisnéis sin don Aire laistigh de cibé tréimhse a shonróidh an tAire.”

Ailt 10A agus 10B a chur isteach in Acht 2004.

6.—Leasaítear Acht 2004 trí na hailt nua seo a leanas a chur isteach, i ndiaidh alt 10, ach i gCuid 2:

“An tAire do shocrú tosaíochtaí. 10A.—(1) Faoi réir fho-ailt (2) go (4), féadfaidh an tAire na nithe seo a leanas a shonrú—

(a) tosaíochtaí a dtabharfaidh an Feidhmeannacht aird orthu le linn di a plean seirbhíse a ullmhú faoi alt 31

nó a plean seirbhíse a leasú faoi alt 32, agus

- (b) spriocanna feidhmíochta don Fheidhmeannacht i leith na dtosaíochtaí sin.

(2) Rachaidh an tAire i gcomhairle leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige sula sonródh sé nó sí tosaíochtaí nó spriocanna feidhmíochta i leith feidhmeanna de chuid na Feidhmeannachta a bhaineann le feidhmeanna an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige.

(3) Rachaidh an tAire i gcomhairle leis an bhFeidhmeannacht sula sonródh sé nó sí tosaíochtaí nó spriocanna feidhmíochta faoin alt seo agus, tar éis na tosaíochtaí nó na spriocanna sin a shonrú amhlaidh, tabharfaidh sé nó sí mionsonraí ina dtaobh sin don Fheidhmeannacht i scríbhinn.

(4) Sula sonródh an tAire tosaíochtaí nó spriocanna feidhmíochta faoin alt seo, beidh aird aige nó aici—

- (a) ar an gcleachtas is fearr maidir leis an tseirbhís is ábhar don tosaíocht nó don sprioc feidhmíochta,
- (b) ar na torthaí d'othair agus d'fhaighteoirí seirbhísí ar dóigh go ndéanfaidh an tosaíocht nó an sprioc feidhmíochta a bhfuil an tAire ag teilgean í a shonrú difear dóibh, agus
- (c) ar an éifeacht is dóigh a bheadh ag an tosaíocht nó an sprioc feidhmíochta lena mbaineann a shonrú ar sheirbhísí eile a sholáthraíonn an Fheidhmeannacht nó a sholáthraítear thar a ceann.

(5) San alt seo, ciallaíonn 'spriocanna feidhmíochta', maidir le tosaíochtaí a bheidh sonraithe faoi fho-alt (1), leibhéil feidhmíochta ag an bhFeidhmeannacht ar dá réir is féidir leis an Aire éifeachtacht na Feidhmeannachta, le linn di na tosaíochtaí sin a bhaint amach, a thomhas.

Teorainn maidir le feidhmiú cumhachtaí faoi ailt 10 agus 10A.

10B.—Ní thabharfaidh an tAire ordachán faoi alt 10, ná ní sonródh sé nó sí tosaíocht nó sprioc feidhmíochta faoi alt 10A, maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) aon fheidhm de chuid na Feidhmeannachta a bhaineann le cóireáil nó seirbhís sláinte nó seirbhís shóisialta phearsanta a sholáthar d'aon duine áirithe,

Cd.2 A.6

[Uimh. 23.] *An tAcht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas), 2013.* [2013.]

- (b) aon fheidhm de chuid na Feidhmeannachta a bhaineann le breith—
  - (i) i dtaobh cibé acu atá nó nach bhfuil duine áirithe incháilithe le haghaidh seirbhís sláinte áirithe nó seirbhís shóisialta pearsanta áirithe (lena n-áirítear deontas nó liúntas a íoc), nó
  - (ii) i dtaobh a mhéid atá, agus an mhodha ar a bhfuil, duine incháilithe le haghaidh aon seirbhís den sórt sin,
- (c) aon fheidhm de chuid na Feidhmeannachta a bhaineann le breith maidir le muirear a ghearradh nó a ghnóthú as soláthar seirbhíse sláinte nó seirbhíse sóisialta pearsanta ag an bhFeidhmeannacht nó thar a ceann do dhuine áirithe nó maidir le méid an mhuirir sin,
- (d) aon fheidhm de chuid na Feidhmeannachta ar sonraíodh in achtachán gur feidhm de chuid an Ard-Stiúrthóra í agus a bhaineann le feidhmeanna dá dtagraítear i míreanna (a) go (c).”.

Cuid 3A a chur isteach in Acht 2004.

7.—Leasaítear Acht 2004 tríd an gCuid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid 3:

“CUID 3A

STIÚRTHÓIREACHT AGUS ARD-STIÚRTHÓIR  
FHEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE SLÁINTE

Stiúrthóireacht 16A.—(1) Beidh Stiúrthóireacht ag an na bhFeidhmeannacht agus is iad a bheidh uirthi—  
Feidhmeannachta.

- (a) an duine a bheidh i seilbh phost an Ard-Stiúrthóra, agus
  - (b) faoi réir fho-alt (2), cibé líon eile stiúrthóirí (dá ngairtear ‘stiúrthóirí ceaptha’ san Acht seo) a cheapfaidh an tAire de réir an Achta seo.
- (2) Faoi réir alt 16K(10), ní lú ná 2 agus ní mó ná 8 an líon daoine a bheidh arna gceapadh chun na Stiúrthóireachta mar stiúrthóirí ceaptha aon tráth.
- (3) Ní fhéadfar duine a cheapadh ina stiúrthóir ceaptha mura duine é nó í is fostaí de chuid na Feidhmeannachta ag a bhfuil grád stiúrthóra



náisiúnta nó grád eile san Fheidhmeannacht nach lú sinsearachta ná grád stiúrthóra náisiúnta.

(4) Beidh stiúrthóir ceaptha i seilbh oifige mar chomhalta den Stiúrthóireacht ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an tAire le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(5) Chun críocha fho-alt (3) agus alt 16B(4), measfar go bhfuil ag duine grád stiúrthóra náisiúnta nó grád eile san Fheidhmeannacht nach lú sinsearachta ná grád stiúrthóra náisiúnta, i gcás go mbeidh an duine sin arna cheapadh nó arna ceapadh chuig post ag an ngrád sin ar bhonn sealadach nó gníomhach fad a mhairfidh an ceapachán sin.

Téarma oifige stiúrthóra ceaptha.

16B.—(1) Faoi réir an Achta seo, beidh duine a cheapfar ina stiúrthóir ceaptha i seilbh oifige mar chomhalta den Stiúrthóireacht go ceann téarma 3 bliana.

(2) Féadfaidh an tAire stiúrthóir ceaptha a athcheapadh i gcomhair an dara téarma oifige nó téarma oifige iardain.

(3) Féadfaidh stiúrthóir ceaptha éirí as oifig mar chomhalta den Stiúrthóireacht trí litir a bheidh dírithe chuig an Aire, agus beidh éifeacht leis an éirí as an tráth is déanaí díobh seo a leanas—

(a) an lá a bheidh sonraithe sa litir, nó

(b) ar an Aire d'fháil na litreach.

(4) Ar stiúrthóir ceaptha do scor de bheith fostaithe ag an bhFeidhmeannacht i ngrád dá dtagraítear in alt 16A(3), scoirfidh an duine sin de bheith ina stiúrthóir ceaptha.

Ról na Stiúrthóireachta.

16C.—(1) Is í an Stiúrthóireacht comhlacht ceannais na Feidhmeannachta agus tá údarás aici, in ainm na Feidhmeannachta, feidhmeanna na Feidhmeannachta a chomhlíonadh.

(2) Faoi réir aon ordacháin a eiseoidh an tAire faoi fho-alt (8), féadfaidh an Stiúrthóireacht aon fheidhm de chuid na Feidhmeannachta a tharmligean chun an Ard-Stiúrthóra.

(3) Má dhéantar feidhm de chuid na Feidhmeannachta a tharmligean chun an Ard-Stiúrthóra faoi fho-alt (2), fanfaidh an tarmligean i bhfeidhm go dtí go ndéanfaidh an Stiúrthóireacht an tarmligean a chúlghairm.

(4) Tabharfaidh an Stiúrthóireacht fógra i scríbhinn don Aire faoi aon tarmligean a dhéanfar faoi fho-alt (2) agus faoi aon chúlghairm ar tharmligean den sórt sin.

(5) Tá an Stiúrthóireacht cuntasach don Aire i gcomhlíonadh fheidhmeanna na Stiúrthóireachta agus fheidhmeanna na Feidhmeannachta agus tabharfaidh an tArd-Stiúrthóir cuntas don Aire thar ceann na Stiúrthóireachta i leith chomhlíonadh fheidhmeanna na Stiúrthóireachta agus fheidhmeanna na Feidhmeannachta ag an Stiúrthóireacht.

(6) Tabharfaidh an tArd-Stiúrthóir cuntas don Aire de bhun fho-alt (5) trí Ard-Rúnaí na Roinne Sláinte.

(7) Déanfaidh an Stiúrthóireacht aon ní ar dóigh léi gur chóir aird an Aire a dhíriú air a chur in iúl don Aire.

(8) Féadfaidh an tAire ordachán a eisiúint chuig an Stiúrthóireacht i ndáil le feidhmeanna na Feidhmeannachta a tharmligean chun an Ard-Stiúrthóra.

Stiúrthóirí ceaptha — incháilitheacht lena gceapadh agus cur as oifig.

16D.—(1) Ní bheidh duine incháilithe chun a cheaptha nó a ceaptha mar stiúrthóir ceaptha más rud é, maidir leis an duine:

- (a) go measfar, de bhun alt 19 den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh,
- (b) gur comhalta é nó í d'údarás áitiúil,
- (c) gur ciontaíodh é nó í ar díotáil i gcion indíotáilte, nó
- (d) gur ciontaíodh é nó í i gcion lena ngabhann mímhacántacht.

(2) Scoirfidh duine de bheith ina stiúrthóir ceaptha más rud é, maidir leis an duine sin—

- (a) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa,
- (b) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,
- (c) go measfar, de bhun alt 19 den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh,
- (d) go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás áitiúil,
- (e) go gciontófar é nó í ar díotáil i gcion indíotáilte, nó

(f) go gciontófar é nó í i gcion lena ngabhann mímhacántacht.

(3) Féadfaidh an tAire stiúrthóir ceaptha a chur as oifig mar chomhalta den Stiúrthóireacht aon tráth, más rud é—

(a) i dtuairim an Aire, go bhfuil an duine tagtha chun bheith éagumasach, de dheasca easláinte, ar a dhualgais nó a dualgais mar stiúrthóir ceaptha a chomhlíonadh go héifeachtach,

(b) i dtuairim an Aire, gur mhí-iompair an stiúrthóir ceaptha é féin nó í féin mar a bheidh sonraithe,

(c) gur dealraitheach don Aire gur gá an duine a chur as oifig mar stiúrthóir ceaptha chun go gcomhlíonfaidh an Stiúrthóireacht a feidhmeanna ar shlí éifeachtach,

(d) le linn dó nó di feidhmeanna mar stiúrthóir ceaptha a chomhlíonadh, gur sháraigh an stiúrthóir ceaptha alt 25(1) nó 26 nó foráil infheidhme den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, nó

(e) le linn dó nó di feidhmeanna mar stiúrthóir ceaptha a chomhlíonadh, gur mhainnigh an duine déanamh de réir cód iompair arna tharraingt suas de bhun alt 10(3) den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, agus a bhaineann leis an stiúrthóir ceaptha.

(4) San alt seo, ciallaíonn ‘foráil infheidhme den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995’, i ndáil le stiúrthóir ceaptha, foráil den Acht sin a bhfuil feidhm aici, de bhua rialachán arna dhéanamh faoi alt 3 den Acht sin, maidir leis an stiúrthóir ceaptha.

An tArd-Stiúrthóir a cheapadh.

16E.—(1) Is é nó is í an tAire a cheapfaidh an tArd-Stiúrthóir.

(2) Faoi réir fho-alt (4), déanfar duine a cheapfar mar Ard-Stiúrthóir a earcú de réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004.

(3) Beidh duine a cheapfar mar Ard-Stiúrthóir i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair, liúntais agus aoisliúntas) a chinnfidh an tAire le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(4) Níl feidhm ag fo-alt (2) maidir le ceapadh an chéad Ard-Stiúrthóra.

Incháilitheacht duine lena cheapadh nó lena ceapadh mar Ard-Stiúrthóir.

16F.—(1) Ní bheidh duine incháilithe chun a cheaptha nó a ceaptha mar Ard-Stiúrthóir más rud é, maidir leis an duine—

- (a) gur comhalta é nó í de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa,
- (b) go measfar, de bhun alt 19 den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh,
- (c) gur comhalta é nó í d'údarás áitiúil,
- (d) gur ciontaíodh é nó í ar díotáil i gcion indíotáilte, nó
- (e) gur ciontaíodh é nó í i gcion lena ngabhann mímhacántacht.

(2) Scoirfidh duine de bheith i seilbh oifig an Ard-Stiúrthóra más rud é, maidir leis an duine sin—

- (a) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa,
- (b) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,
- (c) go measfar, de bhun alt 19 den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh,
- (d) go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás áitiúil,
- (e) go gciontófar é nó í ar díotáil i gcion indíotáilte, nó
- (f) go gciontófar é nó í i gcion lena ngabhann mímhacántacht.

(3) Féadfaidh an tAire, aon tráth, an tArd-Stiúrthóir a chur as oifig más rud é—

- (a) i dtuairim an Aire, go bhfuil an duine sin tagtha chun bheith éagumasach, de dheasca easláinte, ar a dhualgais nó a dualgais mar Ard-Stiúrthóir a chomhlíonadh,
- (b) i dtuairim an Aire, gur mhí-iompair an tArd-Stiúrthóir é féin nó í féin mar a bheidh sonraithe,

- (c) gur dealraitheach don Aire gur gá an tArd-Stiúrthóir a chur as oifig chun go gcomhlíonfaidh an Fheidhmeannacht a feidhmeanna ar shlí éifeachtach,
- (d) i dtuairim an Aire, gur mhainnigh an tArd-Stiúrthóir go seasta aird a thabhairt ar cheanglais i ndáil lena feidhmeanna nó lena feidhmeanna faoin Acht seo,
- (e) gur sháraigh an tArd-Stiúrthóir alt 25(1) nó 26 nó foráil infheidhme den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, nó
- (f) le linn dó nó di a feidhmeanna nó a feidhmeanna mar Ard-Stiúrthóir a chomhlíonadh, gur mhainnigh an duine déanamh de réir cód iompair arna tharraingt suas de bhun alt 10(3) den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, agus a bhaineann leis an Ard-Stiúrthóir.

(4) San alt seo, ciallaíonn ‘foráil infheidhme den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995’, i ndáil leis an Ard-Stiúrthóir, foráil den Acht sin a bhfuil feidhm aici, de bhua rialachán arna dhéanamh faoi alt 3 den Acht sin, maidir leis an Ard-Stiúrthóir.

Feidhmeanna ginearálta an Ard-Stiúrthóra.

16G.—(1) I dteannta a feidhmeanna nó a feidhmeanna mar chomhalta den Stiúrthóireacht agus mar chathaoirleach ar an Stiúrthóireacht, déanfaidh an tArd-Stiúrthóir—

- (a) riarachán agus gnó na Feidhmeannachta a sheoladh, a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne,
- (b) cibé feidhmeanna eile a chomhlíonadh a dhéanfaidh an Stiúrthóireacht a tharmligean chuige nó chuici faoi alt 16C,
- (c) cibé feidhmeanna eile a chomhlíonadh a shannfar dó nó di faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile.

(2) Faoi réir fho-alt (3), beidh an tArd-Stiúrthóir freagrach don Stiúrthóireacht as a feidhmeanna nó a feidhmeanna faoi mhíreanna (a) go (c) d’fho-alt (1) a chomhlíonadh agus as beartais na Stiúrthóireachta a chur i ngníomh.

(3) Níl feidhm ag fo-alt (2) maidir le feidhmeanna an Ard-Stiúrthóra mar chomhalta den Stiúrthóireacht nó mar chathaoirleach ar an Stiúrthóireacht.

(4) I gcás go mbeidh an tArd-Stiúrthóir as láthair, féadfaidh cibé stiúrthóir ceaptha a ainmneoidh an tArd-Stiúrthóir ó am go ham, le

toiliú an Aire, agus i gcás nach mbeidh aon ainmniú den sórt sin déanta, agus go bhfuil an tArd-Stiúrthóir neamhábailta mar gheall ar a easláinte nó ar a heasláinte ainmniú den sórt sin a dhéanamh, a ainmneoidh an tAire, na feidhmeanna de chuid an Ard-Stiúrthóra dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a chomhlíonadh.

(5) Más rud é go bhfuil oifig an Ard-Stiúrthóra folamh, féadfaidh cibé stiúrthóir ceaptha a ainmneoidh an tAire chun críocha an fho-ailt seo na feidhmeanna de chuid an Ard-Stiúrthóra dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a chomhlíonadh.

(6) Chun críocha fho-ailt (4) agus (5), i gcás go sanntar feidhmeanna don Ard-Stiúrthóir san Acht seo nó in aon achtachán eile nó go ndéantar foráil san Act seo nó san achtachán sin i dtaobh an mhodha ar a gcomhlíonfaidh an tArd-Stiúrthóir feidhm arna sannadh amhlaidh, forléireofar aon tagairt den sórt sin don Ard-Stiúrthóir mar thagairt a fholáíonn tagairt don stiúrthóir ceaptha a bheidh ainmnithe ag an Ard-Stiúrthóir nó ag an Aire faoi fho-alt (4) nó, de réir mar a bheidh, ag an Aire faoi fho-alt (5) fad a bheidh an stiúrthóir ceaptha sin arna ainmniú nó arna hainmniú amhlaidh agus a bheidh sé nó sí i dteideal feidhmeanna an Ard-Stiúrthóra a chomhlíonadh.

(7) I gcás go rachaidh an tArd-Stiúrthóir i mbun dualgais athuair, scoirfidh an duine a bheidh ainmnithe faoi fho-alt (4) d'fheidhmeanna an Ard-Stiúrthóra a chomhlíonadh.

An tArd-Stiúrthóir do tharmligean feidhmeanna.

16H.—(1) Faoi réir aon ordacháin a eiseoidh an Stiúrthóireacht, féadfaidh an tArd-Stiúrthóir—

- (a) aon fheidhm dá chuid nó dá cuid faoi alt 16G a tharmligean i scríbhinn chuig fostaithe de chuid na Feidhmeannachta a shonrófar de réir ainm, gráid, poist nó eile, agus
- (b) i gcás go sonrófar é agus a mhéid a shonrófar é i dtarmligean a dhéanfar faoi mhír (a), fo-tharmligean aon cheann nó gach ceann de na feidhmeanna arna dtarmligean faoi mhír (a) chuig fostaithe eile, nó ag fostaithe eile, de chuid na Feidhmeannachta a údarú.

(2) Aon fheidhm a dhéanfar a tharmligean nó a fho-tharmligean faoin alt seo chuig fostaí, comhlíonfaidh an fostaí í faoi threorú agus rialú ginearálta an Ard-Stiúrthóra agus de réir cibé ordacháin, teorainneacha agus treoirlínte—

- (a) i gcás feidhm tharmligthe, a shonróidh an tArd-Stiúrthóir, nó
- (b) i gcás feidhm fho-tharmligthe, a shonróidh an fostaí a rinne an fheidhm sin a fho-tharmligean.
- (3) Ní choisceann tarmligean nó fo-tharmligean feidhme ar an Ard-Stiúrthóir an fheidhm sin a chomhlíonadh.
- (4) Féadfaidh an tArd-Stiúrthóir—
- (a) aon tarmligean nó fo-tharmligean feidhme arna dhéanamh faoin alt seo a athrú, lena n-áirítear tríd an limistéar geografach lena mbaineann an tarmligean nó an fo-tharmligean a mhodhnú,
- (b) an tarmligean sin a chúlghairm, nó
- (c) aon fho-tharmligean ar an bhfeidhm a chúlghairm, gan an tarmligean a chúlghairm.
- (5) Ar tharmligean nó fo-tharmligean feidhme a athrú nó a chúlghairm, cuirfidh an tArd-Stiúrthóir in iúl do gach fostaí a ndearnadh an fheidhm a tharmligean nó a fho-tharmligean chuige nó chuici go ndearnadh an tarmligean nó an fo-tharmligean a athrú nó a chúlghairm.
- (6) Aon fhostaí de chuid na Feidhmeannachta a dhéanfaidh feidhm a tarmligeadh nó a fo-tharmligeadh chuig an bhfostaí faoin alt seo a fho-tharmligean—
- (a) féadfaidh sé nó sí an fo-tharmligean a athrú, lena n-áirítear tríd an limistéar geografach lena mbaineann sé a mhodhnú,
- (b) féadfaidh sé nó sí an fo-tharmligean a chúlghairm, agus
- (c) ní choisctear air nó uirthi an fheidhm a chomhlíonadh.
- (7) Ar fho-tharmligean feidhme a athrú nó a chúlghairm, cuirfidh an fostaí a rinne an fheidhm a fho-tharmligean faoi fho-alt (6) in iúl do gach fostaí a ndearnadh an fheidhm a fho-tharmligean chuige nó chuici go ndearnadh an fo-tharmligean a athrú nó a chúlghairm.

An tArd-Stiúrthóir do fhreastal os comhair Coistí Oireachtais.

16I.—(1) Faoi réir fho-alt (2), ar iarraidh i scríbhinn a fháil ó Choiste Oireachtais, freastalóidh an tArd-Stiúrthóir os comhair an Choiste Oireachtais chun cuntas a thabhairt ar riarachán ginearálta na Feidhmeannachta.

(2) Ní cheanglaítear ar an Ard-Stiúrthóir cuntas a thabhairt os comhair aon Choiste Oireachtais ar aon ní a bhaineann le riarachán ginearálta na Feidhmeannachta is ábhar, nó ar dóigh dó bheith ina ábhar, d'imeachtaí os comhair cúirte nó binse sa Stát.

(3) Déanfaidh an tArd-Stiúrthóir, má tá sé nó sí den tuairim go bhfuil feidhm ag fo-alt (2) maidir le ní a n-iarrtar ar an Ard-Stiúrthóir cuntas a thabhairt air os comhair Choiste Oireachtais, an tuairim sin agus na cúiseanna atá leis an tuairim sin a chur in iúl don Choiste.

(4) Déanfar na cúiseanna atá leis an Ard-Stiúrthóir do theacht ar an tuairim dá dtagraítear i bhfo-alt (3) a thabhairt don Choiste Oireachtais i scríbhinn mura rud é go n-eascróidh an ní nuair a bheidh an tArd-Stiúrthóir ag láithriú os comhair an Choiste.

(5) Más rud é, ar thuairim an Ard-Stiúrthóra i dtaobh an ní a chur in iúl don Choiste Oireachtais, go dtabharfaidh an Choiste Oireachtais breith gan a iarraidh a tharraingt siar, féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas a dhéanamh chuici faoi fho-alt (6), cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil feidhm ag fo-alt (2) maidir leis an ní.

(6) Maidir le hiarratas ar chinneadh faoi fho-alt (5), féadfaidh—

- (a) an tArd-Stiúrthóir, tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis don Choiste Oireachtais a bhreith gan a iarraidh a tharraingt siar a chur iúl dó nó di, nó
- (b) cathaoirleach an Choiste Oireachtais, ag gníomhú dó nó di thar ceann an Choiste,

é a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar mhodh achomair.

(7) Go dtí go gcinnfear iarratas faoi fho-alt (6), ní fhreastalóidh an tArd-Stiúrthóir os comhair an Choiste Oireachtais chun cuntas a thabhairt ar an ní lena mbaineann an t-iarratas.

(8) Má chinneann an Ard-Chúirt go bhfuil feidhm ag fo-alt (2) maidir leis an ní, tarraingeoidh an Choiste Oireachtais siar a iarraidh maidir leis an ní ach, má chinneann an Ard-Chúirt nach bhfuil feidhm ag fo-alt (2), freastalóidh an tArd-Stiúrthóir os comhair an Choiste chun cuntas a thabhairt ar an ní.

(9) Ní dhéanfaidh an tArd-Stiúrthóir, le linn a dhualgais nó a dualgais faoin alt seo a chomhlíonadh, ceist a chur ná tuairim a nochtadh i dtaobh tuillteanais aon bheartais de chuid an



Rialtais nó de chuid Aire den Rialtas ná i dtaobh tuillteanais cuspóirí beartais den sórt sin.

(10) Le cead ó chathaoirleach an Choiste Oireachtais a dhéanfaidh an iarraidh faoi fho-alt (1), féadfaidh stiúrthóir ceaptha nó aon fhostaí eile de chuid na Feidhmeannachta a bheidh ainmnithe ag an Ard-Stiúrthóir freastal os comhair an Choiste in ionad an Ard-Stiúrthóra chun cuntas a thabhairt ar riarachán ginearálta na Feidhmeannachta, agus sa chás sin léifear tagairt i bhfo-alt (2) go (9) don Ard-Stiúrthóir mar thagairt don duine a bheidh ag freastal ina ionad nó ina hionad.

(11) San alt seo, ciallaíonn ‘Coiste Oireachtais—

(a) coiste arna cheapadh ag ceachtar Teach den Oireachtas nó ag dhá Theach an Oireachtais i gcomhar (seachas an Coiste um Chuntais Phoiblí, an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann nó an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Sheanad Éireann), nó

(b) fochoiste de chuid coiste a thagann faoi réim mhír (a).

Cuntasacht stiúrthóirí ceaptha don Ard-Stiúrthóir as a bhfeidhmeanna mar fhostaithe de chuid na Feidhmeannachta a chomhlíonadh. 16J.—(1) D’ainneoin a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar stiúrthóir ceaptha, beidh stiúrthóirí ceaptha cuntasach don Ard-Stiúrthóir as a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar fhostaí de chuid na Feidhmeannachta a chomhlíonadh. (2) Ní fhorléireofar aon ní i bhfo-alt (1) mar ní a dhéanann difear d’fheidhmeanna stiúrthóra ceaptha mar chomhalta den Stiúrthóireacht.

Cruinnithe agus nós imeachta na Stiúrthóireachta. 16K.—(1) Faoi réir fho-alt (2), tionólfadh an Stiúrthóireacht cibé líon cruinnithe is dóigh léi is gá chun a feidhmeanna a chomhlíonadh.

(2) Tíocfaidh an Stiúrthóireacht le chéile uair amháin ar a laghad gach mí 11 mhí in aon bhliain.

(3) Féadfaidh an tArd-Stiúrthóir, aon tráth réasúnach, cruinniú den Stiúrthóireacht a ghairm.

(4) Féadfaidh aon 2 stiúrthóir ceaptha cruinniú den Stiúrthóireacht a ghairm i gcás go mbeidh iarraidh i scríbhinn go ndéanfaí cruinniú den Stiúrthóireacht a ghairm, arna síniú ag líon nach lú ná 2 stiúrthóir ceaptha, déanta chuig an Ard-Stiúrthóir agus—

(a) go ndiúltoídh an tArd-Stiúrthóir cruinniú den sórt sin a ghairm, nó

(b) nach mbeidh cruinniú gairthe ag an Ard-Stiúrthóir laistigh de 7 lá ó iarraidh

air nó uirthi déanamh amhlaidh de bhun an fho-ailt seo.

(5) Ag cruinniú den Stiúrthóireacht—

- (a) rachaidh an tArd-Stiúrthóir i gceannas ar an gcrúinniú, má tá sé nó sí i láthair,
- (b) mura bhfuil, agus fad nach bhfuil, an tArd-Stiúrthóir i láthair, nó más rud é go bhfuil an oifig sin folamh, rachaidh an stiúrthóir ceaptha a bheidh ainmnithe ag an Ard-Stiúrthóir nó ag an Aire faoi alt 16G(4) nó, de réir mar a bheidh, an stiúrthóir ceaptha a bheidh ainmnithe ag an Aire chun críocha alt 16G(5), i gceannas ar an gcrúinniú, má tá sé nó sí i láthair, nó
- (c) in aon chás eile, roghnóidh na stiúrthóirí ceaptha a bheidh i láthair ag an gcrúinniú duine dá líon chun dul i gceannas ar an gcrúinniú.

(6) Faoi réir fho-alt (8), beidh vóta amháin an duine ag an Ard-Stiúrthóir agus ag gach stiúrthóir ceaptha ag cruinniú den Stiúrthóireacht.

(7) Faoi réir fho-alt (8), déanfar gach ceist ag cruinniú den Stiúrthóireacht a chinneadh le tromlach vótaí na gcomhaltaí den Stiúrthóireacht a bheidh i láthair agus a vótálfaidh ar an gceist.

(8) I gcás comhionannas vótaí, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag an Ard-Stiúrthóir nó ag an stiúrthóir ceaptha eile a bheidh i gceannas ar an gcrúinniú.

(9) Ní bheidh córam ann le haghaidh cruinniú den Stiúrthóireacht mura mbeidh ar a laghad leath na ndaoine is comhaltaí den Stiúrthóireacht de thuras na huairé i láthair ag an gcrúinniú.

(10) Féadfaidh an Stiúrthóireacht a feidhmeanna a chomhlíonadh d'ainneoin folúntas a bheidh ann in oifig an Ard-Stiúrthóra nó folúntas nó folúntais a bheidh ann in oifigí stiúrthóirí ceaptha.

(11) Faoi réir an Achta seo, déanfaidh an Stiúrthóireacht a nósanna imeachta féin agus a gnó féin a rialáil.

Folúntais i gcomhaltas na Stiúrthóireachta. 16L.—(1) I gcás go mbeidh folúntas in oifig an Ard-Stiúrthóra, déanfaidh an tAire bearta a luaithe is féidir chun an folúntas a líonadh.

(2) D'ainneoin alt 16A(3), más rud é, mar gheall ar stiúrthóir ceaptha a bheidh as láthair ar feadh tréimhse fhada, nach bhfuil, i dtuairim an Aire, líon leordhóthanach stiúrthóirí ceaptha de chuid na Stiúrthóireachta ar fáil chun a chumasú

don Stiúrthóireacht a feidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach, féadfaidh an tAire duine is fostaí de chuid na Feidhmeannachta (cibé acu atá grád dá dtagraítear in alt 16A(3) ag an duine nó nach bhfuil) a cheapadh chun gníomhú mar stiúrthóir ceaptha sealadach ar an Stiúrthóireacht.

(3) Aon duine a cheapfar faoi fho-alt (2), ní cheapfar é nó í ar feadh téarma is faide ná 6 mhí agus ní ceadmhach é nó í a athcheapadh níos mó ná 3 huair.

(4) I gcás go rachaidh an stiúrthóir ceaptha ar ina ionad nó ina hionad a rinneadh an ceapachán faoi fho-alt (2) i mbun dualgais athuair mar stiúrthóir ceaptha, scoirfidh an duine a bheidh ceaptha faoi fho-alt (2) de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Stiúrthóireacht.

Coistí de chuid na Stiúrthóireachta. 16M.—(1) Féadfaidh an Stiúrthóireacht, ó am go ham, cibé coistí a bhunú is dóigh léi is gá chun cúnaimh agus comhairle a thabhairt di i ndáil lena feidhmeanna a chomhlíonadh agus féadfaidh sí comhaltas agus téarmaí tagartha gach coiste den sórt sin a chinneadh.

(2) Féadfaidh an Stiúrthóireacht daoine nach comhaltaí den Stiúrthóireacht a cheapadh chuig coiste a bhunófar faoi fho-alt (1).

(3) Na daoine a fhéadfar a cheapadh chuig coiste a bhunófar faoin alt seo, is daoine iad a bhfuil, i dtuairim na Stiúrthóireachta, eolas agus taithí acu ar na nithe a thiocfaidh faoi réim théarmaí tagartha an choiste.

(4) Beidh ceapadh duine chuig coiste a bhunófar faoin alt seo faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha—

(a) a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a mhéid a bhaineann na téarmaí agus na coinníollacha sin le liúntais i leith caiteachas, agus

(b) a chinnfidh an Fheidhmeannacht, a mhéid nach mbaineann na téarmaí agus na coinníollacha sin le liúntais i leith caiteachas.

(5) Tá gníomhartha coiste faoi réir a ndaingnithe ag an Stiúrthóireacht, mura scaoilfidh an Stiúrthóireacht leis an ngá atá ann daingniú a dhéanamh.

(6) Féadfaidh an Stiúrthóireacht nósanna imeachta a chinneadh chun gnó agus cruinnithe aon choiste a bhunófar faoin alt seo a sheoladh, ach, faoi réir aon nósanna imeachta den sórt sin a bhfuil feidhm acu maidir leis an gcoiste lena

Cd.2 A.7 [Uimh. 23.] *An tAcht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas)*, 2013. [2013.]

mbaineann, rialálfaidh an coiste a nósanna imeachta féin.

(7) Féadfaidh an Stiúrthóireacht, aon tráth, coiste a bhunófar faoin alt seo a dhíscaoileadh.

(8) Níl feidhm ag an alt seo maidir le coiste iniúchóireachta a bhunófar faoi alt 40H.”.

Leasú ar alt 23 d’Acht 2004. **8.**—Leasaítear alt 23 d’Acht 2004 trí “an tArd-Stiúrthóir” a chur in ionad “an príomhoifigeach feidhmiúcháin”, gach áit a bhfuil sé.

Leasú ar alt 25 d’Acht 2004. **9.**—Leasaítear alt 25 d’Acht 2004—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Le linn feidhmeanna faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile a chomhlíonadh—

(a) mar stiúrthóir ceaptha nó mar chomhalta de choiste de chuid na Stiúrthóireachta (lena n-áirítear an coiste iniúchóireachta),

(b) mar an tArd-Stiúrthóir,

(c) mar fhostaí de chuid na Feidhmeannachta,

(d) mar dhuine atá fruilithe ag an bhFeidhmeannacht mar chomhairleoir, nó

(e) mar dhuine atá fostaithe ag duine dá dtagraítear i mír (d),

coimeádfaidh duine caighdeáin chúí ionracais, iompair agus airde i leith leas an phobail.”,

(b) i bhfo-alt (2), trí “i mír (d)” a chur in ionad “i mír (c)”,

(c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Chun críocha fho-alt (1), eiseoidh an Stiúrthóireacht cóid iompair mar threoir do dhaoine dá dtagraítear san fho-alt sin agus féadfaidh sí cóid éagsúla a eisiúint i leith aicmí éagsúla daoine den sórt sin.”,

agus

(d) i bhfo-alt (6), trí “i bhfo-alt (1)(d)” a chur in ionad “i bhfo-alt (1)(c)”.

Leasú ar alt 26 d’Acht 2004. **10.**—Leasaítear alt 26 d’Acht 2004 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (1) agus (2):

“(1) Ach amháin sna himthosca a shonraítear i bhfo-alt (2), ní nochtfaidh duine faisnéis rúnda a gheofar le linn feidhmeanna a chomhlíonadh—

[2013.] *An tAcht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas)*, 2013. [Uimh. 23.]

CD.2 A.10

- (a) mar stiúrthóir ceaptha nó mar chomhalta de choiste de chuid na Stiúrthóireachta,
- (b) mar an tArd-Stiúrthóir,
- (c) mar fhostaí de chuid na Feidhmeannachta,
- (d) mar dhuine atá fruilithe ag an bhFeidhmeannacht mar chomhairleoir, nó
- (e) mar dhuine atá fostaithe ag duine dá dtagraítear i mír (d).

(2) Ní sháraíonn duine fo-alt (1) trí fhaisnéis rúnda a nochtadh, más rud é—

- (a) go n-údaráíonn an Fheidhmeannacht í a nochtadh,
- (b) go ndéantar an nochtadh don Stiúrthóireacht,
- (c) go ndéanann an Fheidhmeannacht an nochtadh don Aire nó go ndéantar an nochtadh don Aire thar ceann na Feidhmeannachta nó i gcomhlíonadh ceanglas de chuid an Achta seo,
- (d) go gceanglaítear thairis sin le dlí an nochtadh a dhéanamh, nó
- (e) gur nochtadh cosanta faoi Chuid 9A an nochtadh.”.

11.—Leasaítear alt 27 d’Acht 2004—

Leasú ar alt 27 d’Acht 2004.

- (a) i bhfo-alt (1), trí “comhalta de choiste de chuid na Stiúrthóireachta” a chur in ionad “comhalta ceaptha den Bhord nó comhalta de choiste de chuid an Bhoird”, agus
- (b) i bhfo-alt (2), trí “an tArd-Stiúrthóir” a chur in ionad “an príomhoifigeach feidhmiúcháin”.

12.—Leasaítear Acht 2004 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 31:

Leasú ar alt 31 d’Acht 2004.

“An Fheidhmeannacht do dhéanamh plean seirbhíse a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire lena cheadú.

31.—(1) Déanfaidh an Fheidhmeannacht roimh dhul in éag don tréimhse shonraithe—

- (a) plean seirbhíse don bhliain airgeadais nó do cibé tréimhse eile a chinnfidh an tAire a ullmhú de réir an ailt seo, agus
- (b) an plean arna ullmhú amhlaidh a ghlacadh agus a chur faoi bhráid an Aire lena cheadú.

(2) Chun críche an ailt seo, is í an tréimhse shonraithe—

- (a) an tréimhse dar críoch 21 lá tar éis don Rialtas na Meastacháin i gcomhair Seirbhísí Soláthair don bhliain airgeadais sin a fhoilsiú, nó

(b) cibé tréimhse eile a cheadóidh an tAire.

(3) Féadfaidh an tAire ordachán a eisiúint chuig an bhFeidhmeannacht maidir leis an bhfoirm ina mbeidh agus an modh ar a mbeidh an plean seirbhíse le hullmhú.

(4) Ullmhófar plean seirbhíse i bhfoirm agus ar mhodh a bheidh i gcomhréir le haon ordachán arna eisiúint ag an Aire faoi fho-alt (3) agus—

(a) léireofar ann cineál agus méid na seirbhísí sláinte agus na seirbhísí sóisialta pearsanta a bheidh le soláthar ag an bhFeidhmeannacht le linn na tréimhse lena mbaineann an plean,

(b) léireofar ann aon phleananna caipitiúla a bheidh beartaithe ag an bhFeidhmeannacht,

(c) beidh meastacháin ann ar líon fostaithe na Feidhmeannachta don tréimhse agus do na seirbhísí lena mbaineann an plean,

(d) beidh meastacháin ann ar líon fostaithe na soláthraithe seirbhíse faoi alt 38 a bheidh ag gabháil do sholáthar na seirbhísí sin agus a bhainfidh le tréimhse an phlean seirbhíse agus leis na seirbhísí lena mbaineann sé,

(e) beidh ann aon fhaisnéis eile a shonróidh an tAire,

(f) beidh sé i gcomhréir le haon ordacháin arna n-eisiúint ag an Aire faoi alt 10, agus

(g) beidh sé de réir bheartais agus chuspóirí an Aire agus an Rialtais.

(5) Le linn di an plean seirbhíse a ullmhú, beidh aird ag an bhFeidhmeannacht—

(a) ar an bplean corparáideach ceadaithe a bheidh i ngníomh an tráth sin,

(b) ar aon ordachán arna eisiúint ag an Aire faoi alt 10, agus

(c) ar na tosaíochtaí agus na spriocanna feidhmíochta a shonrófar faoi alt 10A.

(6) Má mhainníonn an Fheidhmeannacht plean seirbhíse a chur faoi bhráid an Aire sula rachaidh an tréimhse dá dtagraítear i bhfo-alt (2) in éag, féadfaidh an tAire ordachán a eisiúint i scríbhinn chuig an Ard-Stiúrthóir lena n-ordófar don Ard-Stiúrthóir plean seirbhíse a ullmhú agus chur

faoina bhráid nó faoina bráid laistigh de 10 lá tar éis an t-ordachán a eisiúint faoin bhfo-alt seo.

(7) Maidir le plean seirbhíse a chuirfidh an tArd-Stiúrthóir faoi bhráid an Aire i gcomhlíonadh fho-alt (6), measfar gurb í an Fheidhmeannacht a d'ullmhaigh, a ghlac agus a chuir faoi bhráid an Aire é.

(8) Tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis plean seirbhíse a fháil faoin alt seo, déanfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige—

- (a) an plean seirbhíse a cheadú san fhoirm inar cuireadh é faoina bhráid nó faoina bráid,
- (b) an plean seirbhíse a cheadú fara cibé leasuithe a chinnfidh an tAire tar éis dul i gcomhairle leis an bhFeidhmeannacht, nó
- (c) ordachán a eisiúint chuig an bhFeidhmeannacht faoi fho-alt (9) an plean a leasú.

(9) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, a ordú don Fheidhmeannacht plean seirbhíse a bheidh curtha faoi bhráid an Aire faoin alt seo a leasú más rud é, i dtuairim an Aire—

- (a) maidir le haon fhaisnéis a cheanglaítear a áireamh sa phlean seirbhíse de bhun fho-alt (4), nach bhfuil sí sa phlean,
- (b) nach gcomhlíonann sé fo-alt (4) ar dhóigh éigin eile,
- (c) gur ullmhaigh an Fheidhmeannacht é gan aird leordhóthanach ar na nithe dá dtagraítear i bhfo-alt (5), nó
- (d) nach bhfuil sé de réir bheartais agus chuspóirí an Aire, an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige nó an Rialtais a mhéid a bhaineann na beartais agus na cuspóirí sin le feidhmeanna na Feidhmeannachta agus a mhéid a cuireadh in iúl i scríbhinn don Fheidhmeannacht iad roimh thús na tréimhse sonraithe.

(10) Féadfaidh an tAire diúltú plean seirbhíse a cheadú mura leasófar é de réir ordachán arna eisiúint faoi fho-alt (9).

(11) Déanfaidh an tArd-Stiúrthóir de réir ordachán arna eisiúint chuige nó chuici faoin alt seo.

Cd.2 A.12 [Uimh. 23.] *An tAcht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas), 2013.* [2013.]

(12) I dteannta an phlean seirbhíse, déanfaidh an Fheidhmeannacht ráiteas a chur faoi bhráid an Aire i dtaobh a meastacháin ar an ioncam agus ar an gcaiteachas a bhaineann leis an bplean agus beidh an meastachán sin i gcomhréir leis an Vóta don Fheidhmeannacht arna fhoilsiú ag an Rialtas sna Meastacháin i gcomhair Seirbhísí Soláthair.

(13) Cinnteoidh an tAire go leagfar cóip de phlean seirbhíse ceadaithe faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais laistigh de 21 lá tar éis don Aire an plean a cheadú.

(14) Cinnteoidh an Fheidhmeannacht go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis cóipeanna de phlean seirbhíse ceadaithe a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais, an plean a fhoilsiú ar an Idirlíon nó de réir cibé socrúithe eile a shonróidh an tAire.”.

Leasú ar alt 32 d'Acht 2004. **13.**—Leasaítear Acht 2004 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 32:

“Plean seirbhíse ceadaithe a leasú.

32.—(1) Tar éis plean seirbhíse a cheadú, féadfaidh an tAire a ordú don Fheidhmeannacht plean seirbhíse leasaithe a chur faoina bhráid nó faoina bráid agus féadfaidh sé nó sí an modh ar a mbeidh an plean le leasú a shonrú san ordachán.

(2) Féadfaidh an Fheidhmeannacht plean seirbhíse ceadaithe a leasú.

(3) Má ordaíonn an tAire don Fheidhmeannacht plean seirbhíse leasaithe a chur faoina bhráid nó faoina bráid de réir fho-alt (1), beidh feidhm ag fo-ailt (4) go (11) d’alt 31, fairis na modhnuithe uile is gá, maidir leis an bplean seirbhíse leasaithe.

(4) Déanfaidh an Fheidhmeannacht plean seirbhíse arna leasú faoi fho-alt (2) a chur faoi bhráid an Aire a luaithe is indéanta agus in aon chás tráth nach déanaí ná 5 lá tar éis an lae a ghlacfaidh sí an plean seirbhíse leasaithe.

(5) Laistigh de 21 lá tar éis plean seirbhíse leasaithe a fháil a cuireadh faoina bhráid nó faoina bráid de réir fho-alt (4), féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Leanáí agus Gnóthaí Óige—

- (a) a ordú don Fheidhmeannacht an plean seirbhíse a leasú, agus an modh ar a mbeidh an plean seirbhíse le leasú á shonrú, nó
- (b) fógra a thabhairt don Fheidhmeannacht go mbeartaíonn sé nó sí an plean a leasú i gcomhairle leis an bhFheidhmeannacht.



(6) Mura n-eiseoidh an tAire an t-ordachán nó an fógra maidir le plean seirbhíse leasaithe laistigh den tréimhse a shonraítear i bhfo-alt (5), meastar an plean seirbhíse leasaithe a bheith ceadaithe ag an Aire díreach roimh dheireadh na tréimhse sin.

(7) Má eisíonn an tAire ordachán maidir le plean seirbhíse leasaithe laistigh den tréimhse a shonraítear i bhfo-alt (5), ní bheidh aon éifeacht le haon leasú a dhéanfaidh an Fheidhmeannacht (sa phlean seirbhíse leasaithe nó mar fhreagra ar an ordachán) ar a plean seirbhíse ceadaithe go dtí go gceadóidh an tAire an leasú.

(8) Cinnteoidh an tAire go ndéanfar cóip de phlean seirbhíse ceadaithe, a bheidh leasaithe faoin alt seo, a leagan faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais laistigh de 21 lá tar éis don Aire an plean seirbhíse leasaithe a cheadú nó tar éis an trátha a measfar é a bheith ceadaithe aige nó aici.

(9) Cinnteoidh an Fheidhmeannacht go ndéanfar, a luaithe is indéanta tar éis cóipeanna de phlean seirbhíse leasaithe ceadaithe a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais, an plean a fhoilsiú ar an Idirlíon nó de réir cibé socruithe eile a shonróidh an tAire.”.

**14.**—Leasaítear Acht 2004 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 33: Leasú ar alt 33 d’Acht 2004.

“Plean seirbhíse ceadaithe a chur i ngníomh.

3.—(1) Déanfaidh an Fheidhmeannacht seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta pearsanta a bheidh léirithe i bplean seirbhíse ceadaithe a bhainistiú ar shlí a chinnteoidh go ndéanfar na seirbhísí a sholáthar de réir an phlean.

(2) Féadfaidh an tAire a ordú don Fheidhmeannacht cibé bearta sonraithe a dhéanamh a cheanglóidh sé nó sí i ndáil le plean seirbhíse ceadaithe a chur i ngníomh.”.

**15.**—Leasaítear alt 35 d’Acht 2004, i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b): Leasú ar alt 35 d’Acht 2004.

“(b) struchtúr na Feidhmeannachta, lena n-áirítear róil agus freagrachtaí na Stiúrthóireachta agus an Ard-Stiúrthóra,”.

**16.**—Leasaítear alt 37 d’Acht 2004, i bhfo-alt (2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (g): Leasú ar alt 37 d’Acht 2004.

“(g) cibé faisnéis eile is cuí leis an bhFeidhmeannacht nó a shonróidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige.”.

**17.**—Leasaítear Acht 2004 tríd an gCuid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid 7A: Cuid 7B a chur isteach in Acht 2004.

## “CUID 7B

AN T-OIFIGEACH CUNTASAÍOCHTA AGUS AN COISTE  
INIÚCHÓIREACHTA

Is é nó is í an tArd-Stiúrthóir oifigeach cuntasáiochta na Feidhmeannachta. Coiste iniúchóireachta. 40G.—Is é nó is í an tArd-Stiúrthóir an t-oifigeach cuntasáiochta i ndáil le cuntais leithreasa na Feidhmeannachta chun críocha na nAchtanna um an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 1866 go 1998.

40H.—(1) A luaithe is indéanta tar éis thosach feidhme an ailt seo, bunóidh an tArd-Stiúrthóir coiste iniúchóireachta chun na feidhmeanna a shonraítear in alt 40I a chomhlíonadh.

(2) Is í an Stiúrthóireacht a cheapfaidh an coiste iniúchóireachta agus is iad a bheidh air—

(a) duine de na stiúrthóirí ceaptha,

(b) líon nach lú ná 4 dhuine eile a bhfuil, i dtuairim na Stiúrthóireachta, na scileanna agus an taithí iomchuí acu chun feidhmeanna an choiste a chomhlíonadh, agus a mbeidh cáilíocht ghairmiúil sa chuntasáiocht nó san iniúchóireacht ag duine amháin díobh ar a laghad.

(3) Níl duine incháilithe lena cheapadh nó lena ceapadh chun an choiste iniúchóireachta de bhun fho-alt (2)(b) más fostaí de chuid na Feidhmeannachta an duine sin.

(4) Déanfaidh an Stiúrthóireacht duine de na daoine a cheapfar de bhun fho-alt (2)(b) a ainmniú chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcoiste iniúchóireachta.

(5) Déanfaidh an Stiúrthóireacht an téarma comhaltais den choiste iniúchóireachta a bheidh ag duine a chinneadh nuair a bheidh an duine sin á cheapadh nó á ceapadh.

(6) Féadfaidh comhalta den choiste iniúchóireachta éirí as an gcoiste trí litir a bheidh dírithe chuig an Stiúrthóireacht.

(7) Féadfaidh an Stiúrthóireacht, aon tráth, comhalta den choiste iniúchóireachta a chur as oifig ar chúiseanna sonraithe.

(8) Is í an Stiúrthóireacht a dhéanfaidh, le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, téarmaí agus coinníollacha comhaltais an choiste iniúchóireachta a chinneadh.

(9) Cinnteoidh an tArd-Stiúrthóir go ndéanfar na hacmhainní rúnaíochta agus eile is gá a sholáthar don choiste iniúchóireachta chun a chumasú dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

Feidhmeanna an choiste iniúchóireachta. 40I.—(1) Déanfaidh an coiste iniúchóireachta—

- (a) comhairle a thabhairt don Ard-Stiúrthóir maidir le nithe airgeadais a bhaineann lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna,
- (b) tuarascáil i scríbhinn a thabhairt don Ard-Stiúrthóir uair sa bhliain ar a laghad maidir leis na nithe sin agus maidir le gníomhaíochtaí an choiste sa bhliain roimhe sin, agus
- (c) cóip den tuarascáil sin a sholáthar don Stiúrthóireacht agus don Aire.

(2) Déanfaidh an coiste iniúchóireachta—

- (a) comhairle a thabhairt don Stiúrthóireacht maidir le nithe airgeadais a bhaineann lena feidhmeanna,
- (b) tuarascáil i scríbhinn a thabhairt don Stiúrthóireacht uair sa bhliain ar a laghad maidir leis na nithe sin, agus
- (c) cóip den tuarascáil sin a sholáthar don Aire.

(3) Áirítear ar dhualgais an choiste iniúchóireachta faoi fho-ailt (1)(a) agus (2)(a) comhairle a thabhairt maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) an Fheidhmeannacht do chur treoirlínte Rialtais maidir le saincheisteanna airgeadais i ngníomh go cúí;
- (b) an tArd-Stiúrthóir do chomhlíonadh alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act 1866*, alt 19 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 agus aon oibleagáidí eile a fhorchuirtear le dlí maidir le cúrsaí airgeadais;
- (c) cuibheas, éifeachtúlacht agus éifeachtacht nósanna imeachta na Feidhmeannachta maidir leis na nithe seo a leanas—
  - (i) an tsainfháil phoiblí,
  - (ii) ceadú a lorg le haghaidh caiteachais agus déanamh de réir an cheadaithe sin,

- (iii) sócmhainní a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt,
- (iv) bainistiú priacail,
- (v) tuairisciú airgeadais, agus
- (vi) iniúchtaí inmheánacha.

(4) Tiocfaidh an coiste iniúcháireachta le chéile 4 huairé sa bhliain ar a laghad agus féadfaidh sé a iarraidh ar aon duine is dóigh leis is cuí (cibé acu is fostaí de chuid na Feidhmeannachta an duine sin nó nach ea) freastal ar chruinniú den choiste.

(5) Déanfaidh an tArd-Stiúrthóir—

- (a) a chinntiú go ndéanfar tuarascálacha iniúcháireachta uile agus pleananna iniúcháireachta uile na Feidhmeannachta agus tuarascálacha míosúla uile na Feidhmeannachta ar chaiteachas a sholáthar don choiste iniúcháireachta, agus
- (b) má tá cúis aige nó aici chun amhras a bheith air nó uirthi go ndearnadh aon mhídhílsiú ábhartha ar an airgead arb é nó í an t-oifigeach cuntasáíochta ina leith é nó í, nó aon chomhshó calaoiseach nó mífheidhmiú ar mhaoin na Feidhmeannachta, an méid sin a chur in iúl don choiste iniúcháireachta a luaithe is indéanta.

(6) Déanfaidh an tArd-Stiúrthóir faisnéis faoi aon ní airgeadais nó nós imeachta is gá chun go gcomhlíonfadh an coiste iniúcháireachta a fheidhmeanna a thabhairt don choiste nuair a iarrfar air nó uirthi déanamh amhlaidh agus i gcás go mbainfidh an fhaisnéis sin—

- (a) le haon chonradh a bheartaíonn an Fheidhmeannacht a dhéanamh agus lena ngabhann caiteachas de mhéid is mó ná tairseach a shonróidh an coiste, agus
- (b) le haon imeachtaí dlí arna dtionscnamh nó arna mbagairt in aghaidh na Feidhmeannachta a bhféadfadh dliteanas airgeadais ionchasach eascairt astu.”.

**19.**—Leasaítear Acht 2004 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 76: Leasú ar alt 76 d'Acht 2004.

“An éifeacht a ghabhann le feidhmeanna a tharmligean agus a fho-tharmligean. 76.—(1) Má dhéanann an Stiúrthóireacht feidhm de chuid na Feidhmeannachta a tharmligean chuig an Ard-Stiúrthóir faoi alt 16C, déanfar tagairtí i bhforáil den Acht seo nó d’aon achtachán eile lena sanntar an fheidhm sin don Fheidhmeannacht nó lena rialáiltear an modh ar a bhfuil an fheidhm le comhlíonadh a fhorléiriú mar thagairtí don Ard-Stiúrthóir.

(2) Má dhéanann an tArd-Stiúrthóir feidhm dá chuid nó dá cuid faoi alt 16G a tharmligean nó a fho-tharmligean chuig fostaí de chuid na Feidhmeannachta faoi alt 16H(1)(a) nó má dhéanann fostaí a bheidh údaraithe chun déanamh amhlaidh í a fho-tharmligean faoi alt 16H(1)(b), déanfar tagairtí in aon fhoráil den Acht seo nó d’aon achtachán eile lena rialáiltear an modh ar a bhfuil an fheidhm sin le comhlíonadh a fhorléiriú mar thagairtí don fhostaí a ndéanfar an fheidhm a tharmligean nó a fho-tharmligean chuige nó chuici.

(3) Má dhéantar feidhm a tharmligean faoi alt 16C nó a fho-tharmligean faoi alt 16H(1), measfar go bhfolaíonn an tarmligean nó an fo-tharmligean tarmligean nó fo-tharmligean aon dualgais nó cumhachta atá teagmhasach nó bainteach leis an bhfeidhm sin.

(4) Aon ghníomh nó ní a dhéanfaidh an tArd-Stiúrthóir de bhun tarmligean ag an Stiúrthóireacht faoi alt 16C(2), tá an fheidhm chéanna aige agus an éifeacht chéanna leis amhail is dá mba í an Stiúrthóireacht a rinne é.

(5) Aon ghníomh nó ní a dhéanfaidh fostaí de chuid na Feidhmeannachta de bhun tarmligean nó fo-tharmligean faoi alt 16H, tá an fheidhm chéanna aige agus an éifeacht chéanna leis amhail is dá mba é nó í an tArd-Stiúrthóir a rinne é.

(6) Ní dhéanann cúlghairm tarmligin ag an Stiúrthóireacht nó ag an Ard-Stiúrthóir difear d’fho-tharmligean arna údarú faoi alt 16H mura n-ordóidh an Stiúrthóireacht nó an tArd-Stiúrthóir, de réir mar a bheidh, a mhalairt.

(7) Ní scoireann tarmligean nó fo-tharmligean feidhme d’éifeacht a bheith leis ar an aon ábhar amháin, maidir leis an duine a rinne an fheidhm a tharmligean nó a fho-tharmligean, nó a d’údarraigh í a fho-tharmligean, nach bhfuil an post aige nó aici a thuilleadh a bhí ag an duine nuair a rinneadh an fheidhm a tharmligean nó a fho-tharmligean, nó nuair a údaraíodh í a fho-tharmligean.”.

**20.**—Leasaítear Acht 2004 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 77: Leasú ar alt 77 d'Acht 2004.

“Fianaise deimhnithe maidir le feidhmeanna a tharmligean.

77.—(1) In aon imeachtaí dlí, maidir le deimhniú—

- (a) ina luafar go raibh feidhm shonraithe de chuid na Feidhmeannachta tarmligthe chuig an Ard-Stiúrthóir ar lá sonraithe,
- (b) ina luafar gur lean tarmligean na feidhme lena mbaineann i bhfeidhm ar lá sonraithe, agus
- (c) a bheidh sínithe ag 2 stiúrthóir cheaptha,

beidh sé ina fhianaise, mura gcruthófar a mhalairt, ar na nithe a bheidh luaite sa deimhniú.

(2) In aon imeachtaí dlí, maidir le deimhniú—

- (a) ina luafar go raibh feidhm shonraithe tarmligthe nó fo-tharmligthe chuig fostaí de chuid na Feidhmeannachta ar lá sonraithe,
- (b) ina luafar gur lean tarmligean nó fo-tharmligean na feidhme lena mbaineann i bhfeidhm ar lá sonraithe,
- (c) ina sonrófar na teorainneacha, más ann, a bheidh á bhforchur ar tharmligean nó ar fho-tharmligean na feidhme lena mbaineann, agus
- (d) a bheidh sínithe ag an Ard-Stiúrthóir nó ag fostaí de chuid na Feidhmeannachta a rinne feidhm shonraithe de chuid na Feidhmeannachta a tarmligeadh nó a fo-tharmligeadh chuige nó chuici faoi alt 16H a fho-tharmligean,

beidh sé ina fhianaise, mura gcruthófar a mhalairt, ar na nithe a bheidh luaite sa deimhniú.

(3) Aon deimhniú dá dtagraítear i bhfo-alt (1) nó (2) ar dealraitheach go ndearna stiúrthóir cheaptha, an tArd-Stiúrthóir nó an fostaí lena mbaineann, de réir mar a bheidh, é a shíniú, beidh sé inghlactha in aon imeachtaí mar fhianaise ar na nithe a bheidh luaite sa deimhniú gan cruthúnas ar a shíniú nó ar a síniú.”.

Leasú ar Sceideal 2 a ghabhann le hAcht 2004.

**21.**—Leasaítear Sceideal 2 a ghabhann le hAcht 2004—

- (a) i mír 1, tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (2):

“(2) Fíordheimhneofar séala na Feidhmeannachta—

- (a) le síniú an Ard-Stiúrthóra nó le síniú stiúrthóra cheaptha, agus

[2013.] *An tAcht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas)*, 2013. [Uimh. 23.]

Cd.2 A.21

(b) le síniú fostaí de chuid na Feidhmeannachta a bheidh údaraithe ag an Stiúrthóireacht chun gníomhú chuige sin.”,

agus

(b) trí mhíreanna 2 go 5 a scriosadh.

**22.**—Mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, déanfar tagairt san Acht seo, in aon achtachán eile, in aon ionstraim reachtúil arna déanamh faoin Acht seo nó faoi aon achtachán eile, nó in aon chonradh—

Tagairtí don Bhord agus don phríomhoifigeach feidhmiúcháin.

(a) don Bhord, a fhorléiriú mar thagairt don Stiúrthóireacht, agus

(b) don phríomhoifigeach feidhmiúcháin, a fhorléiriú mar thagairt don Ard-Stiúrthóir.

### CUID 3

#### BEARTA IDIRTHRÉIMHSEACHA

**23.**—(1) D’ainneoin na haisghairme a dhéantar le *halt 3*, agus na leasuithe ar Acht 2004 a dhéantar leis an Acht seo—

Cosaint.

(a) maidir le comhlíonadh feidhme de chuid na Feidhmeannachta nó déanamh aon ghnímh nó aon ní faoi Acht 2004 ar chuir an Bord tús leis roimh theacht i ngníomh don Acht seo, féadfaidh an Stiúrthóireacht é a chríochnú a mhéid a fhéadfaidh an Stiúrthóireacht an fheidhm sin a chomhlíonadh nó an gníomh nó an ní sin a dhéanamh de dhroim an Achta seo, agus

(b) maidir le comhlíonadh feidhme de chuid an phríomhoifigigh feidhmiúcháin nó déanamh aon ghnímh nó aon ní faoi Acht 2004 ar chuir an príomhoifigeach feidhmiúcháin tús leis roimh theacht i ngníomh don Acht seo, féadfaidh an tArd-Stiúrthóir é chríochnú a mhéid a fhéadfaidh an tArd-Stiúrthóir an fheidhm sin a chomhlíonadh nó an gníomh nó an ní sin a dhéanamh de dhroim an Achta seo.

(2) Maidir le tarmligean nó fo-tharmligean a bheidh déanta de réir Acht 2004 roimh theacht i ngníomh don Acht seo, leanfaidh sé, faoi réir théarmaí an tarmligin nó an fho-tharmligin, d’éifeacht a bheith leis d’ainneoin na haisghairme agus na leasuithe a dhéantar leis an Acht seo.

(3) Féadfaidh an tArd-Stiúrthóir tarmligean nó fo-tharmligean feidhmeanna a bheidh déanta ag an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin roimh theacht i ngníomh don Acht seo a athrú nó a chúlghairm.